Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

**14941/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0231(NLE)**

**COPEN 329**
**CYBER 316**
**JAI 1594**
**COPS 563**
**RELEX 1405**
**JAIEX 126**
**TELECOM 384**
**POLMIL 342**
**CFSP/PESC 1582**
**ENFOPOL 411**
**DATAPROTECT 283**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach |

Forchoimeádais

1. Gníomhóidh an tAontas agus a Bhallstáit i gcomhréir leis na tásca seo a leanas a mhéid a bhaineann le forchoimeádais a mhéid a baineann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach ('an Coinbhinsiún').

2. Níl foráil ar leith maidir le forchoimeádais sa Choinbhinsiún. Ina ionad sin, ceadaítear go sainráite do Stát is Páirtí a dhearbhú go mbaineann sé leas as forchoimeádas dá bhforáiltear i roinnt d'Airteagail an Choinbhinsiúin: Airteagal 11(3); Airteagal 23(3), pointe (a); Airteagal 23(3), pointe (b), an dara fomhír; Airteagal 42(5); Airteagal 63(3) agus (4). Leis an gCoinbhinsiún ceadaítear freisin, go hintuigthe, forchoimeádais eile ar choinníoll go bhfuil na forchoimeádais sin i gcomhréir le hAirteagal 19, fomhír (c), de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí arna dhéanamh i Vín an 23 Bealtaine 1969 agus le dlí idirnáisiúnta an ghnáis agus nach bhfuil siad ar neamhréir le cuspóir an Choinbhinsiúin.

3. Déanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit forchoimeádas bunaithe ar Airteagal 63(3) ina léireofar nach measann siad go bhfuil siad faoi cheangal ag Airteagal 63(2) maidir le díospóidí a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais a réiteach ná maidir le díospóidí idir na Ballstáit nó idir an tAontas agus Ballstát a réiteach.

4. Nuair a bheidh breithniú á dhéanamh ag na Ballstáit ar a bhforchoimeádais féin a dhéanamh, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas roimh ré.

5. Na coinníollacha agus na coimircí maidir le cearta an duine a aithnítear agus dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear iad siúd in Airteagal 6, Airteagal 21(4), Airteagal 24, Airteagal 36, Airteagal 37(15), agus Airteagal 40(22), is cuid de chuspóir an Choinbhinsiúin iad. Dá bhrí sin, ní fhoirmeoidh an tAontas agus a Bhallstáit forchoimeádais maidir leis na hAirteagail sin. Aon fhorchoimeádas ag Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún nach Ballstáit den Aontas iad a mheastar a bheith ar neamhréir le cuspóir an Choinbhinsiúin, ba cheart don Aontas agóid a dhéanamh ina choinne, gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit an agóid chéanna a dhéanamh ar bhealach comhordaithe.